

## II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1460 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Meán Fómhair 2021

**lena leasaítear den 322ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 7a(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis arna gcumhdach ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.
- (2) An 6 Meán Fómhair 2021, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe iontráil amháin a bhaint de liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> IO L 139, 29.5.2002, lch. 9.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Meán Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin,  
Ar son an Uachtaráin,  
An tArd-Stiúrthóir  
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais,  
Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margái Caipitil*

---

## IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002, scriostar an iontráil seo a leanas faoin gceannnteideal “Daoine nádúrtha”:

“Khalifa Muhammad Turki Al-Subaiy (script bhunaidh: خليفة محمد تركي السبيعي) (ailiasanna láidre: (a) Khalifa Mohd Turki Alsubaie; (b) Khalifa Mohd Turki al-Subaie; (c) Khalifa Al-Subayi; (d) Khalifa Turki bin Muhammad bin al-Suaiy; ailiasanna neamhláidre: (a) Abu Mohammed al-Qatari; (b) Katrina). Dáta breithe: 1.1.1965. Áit bhreithe: Doha, Catar. Náisiúntacht: Catarach. Pas uimh.: (a) 1353275 (Pasuimhir Chatarach, arb é dáta a dul in éag an 12.6.2022); (b) 00685868 (Pasuimhir Chatarach arna heisiúint in Doha an 5.2.2006 agus a chuaigh in éag an 4.2.2011). Uimh. aitheantais náisiúnta: 26563400140 (Uimhir aitheantais Chatarach). Seoladh: Al-Waab, Catar. Faisnéis eile: Hamdah Ahmad Haidos is ea ainm na máthar. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 10.10.2008.”

---